

## ANN ROIINN OIDEACHAIS

## SCRÚDÚ ARDTEISTIMEIREACHTA, 1973

MATAMAITIC—GNÁTHLEIBHÉAL—PÁIPÉAR II (300 marc)

DÉ CÉADAOIN, MEITHEAMH 13—MAIDIN, 9.30 go dtí 12

**Sé cheist a fhreagairt.**

Tá na ceisteanna go léir ar chomhluach.

Tá Táblaí Matamaitice le fáil ón bhFeitheoir.

1. Aimsigh go dtí an phingin is gaire an t-ús iolraithe ar £200 ar feadh 3 bliana d'réir  $4\frac{1}{2}\%$  sa bhliain. Cé mhéad blian ar a laighead a thógfadh sé chun go mbeadh £370 mar iomlán ar £200 d'réir  $4\frac{1}{2}\%$  sa bhliain, ús iolraithe?
2. (a) "Feidhm  $f: N_0 \rightarrow R: n \rightarrow f(n)$  is ea seicheamh". Minigh an ráiteas sin agus léirigh do fhreagra le sampla. Is é  $\frac{1}{3}n^{n+1}$  an  $n$ -ú téarma de sheicheamh. Scríobh síos an chéad trí théarma den seicheamh agus faigh  $S_n$ , an tsum go  $n$  téarma.  
Cad is teorainn  $S_n$  d'réir mar a dhruideann  $n$  i dtreo éigriochá?
- (b) Sa chéad bhliain dó tuilleann fear  $fx$  mar thuarastal. Gach bliain dar gcionn, faigheann sé méadú de  $\frac{1}{2}y$  ar thuarastal na bliana roimhe sin. Más £1,330 a thuarastal san 8ú bliain dó agus más £1,915 a thuarastal san 17ú bliain dó, ríomhaigh luach  $x$  agus luach  $y$ .
3. (a) Má tá  $z = 2 - 3i$ , léirigh (i)  $2z$ , (ii)  $-3z$ , (iii)  $iz$ , (iv)  $z^2$  ar léaráid Argand.  
(b) Scríobh  $\frac{-1 + 3i}{4 - 3i}$  sa bhfoirm  $x + iy$ . áit  $x, y \in R$ .  
(c) A fháil amach, cad é an luach ar  $x$  agus an luach ar  $y$  a shásáíonn an chothromóid seo;  
$$(x + iy) + (3 - i) = 2(1 - 3i) - (y - ix),$$
  
áit go bhfuil  $x, y \in R$ .
- 4A. (a) Trí tábla Cayley a chur le chéile, nó ar shlí eile, cruthaigh gur grúpa é an tacar  $\{1, -1, i, -i\}$  faoi an oibriú dénártha, méadú, ( $i = \sqrt{-1}$ ).  
(Tá cead agat glacadh leis go bhfuil méadú na nuijmreacha coimpléascacha comhthiomsaitheach). An bhfuil an grúpa cómhálaartach? Cuir fáth le do fhreagra.  
(b) Is grúpa é  $(\{0, 1, 2\}, + (\text{mod } 3))$   
(i) Scríobh síos an ball ionannais.  
(ii) Scríobh síos i ngach cás inbhéarta 0, 1, 2.  
(iii) Réitigh an chothromóid  $2x - 5 = 2 \pmod{3}$ .  
(Nóta: Ciallaíonn  $2x$  an suimiú  $x + x$ )  
nó
- 4B. (a) Áirigh meán na n-uimhreacha seo leanas: 7, 9, 11, 12, 16, 16, 20?  
(b) Taispeáintear sa tábla seo thíos an méid bainne (i milliún galún) a ghlaictar isteach ag na 37 brainse de thacar uachtarlanna i mbliain áirithe:

Milliún Galún	0-1	1-2	2-3	3-4	4-5	5-6
Líon na mBrainsí	3	14	10	6	3	1

[Nóta: Ciallaíonn 0-1, 0 agus faoi bhun 1; ceallaíonn 1-2, 1 agus faoi bhun 2 etc.]

Tarraing histeagram leis an dáileadh sin a léiriú.

Bain feidhm as an histeagram chun airmheán na dálte a fháil..

5. (a) Tá  $A = \{9, 3, 1, \frac{1}{3}\}$  agus feidhm isea  $f$  atá sainithe ar  $A$  sa chaoi go bhfuil  
 $f: A \rightarrow R: x \rightarrow \log_3 x$ .

Más  $B$  an raon (fomhá) de  $f$ , liostáil baill  $B$  agus abair an inchoibhneas é  $f$  nó an forchoibhneas é  $f$ .

- (b) Tá  $M = \{x \mid 2 \leq x \leq 9, x \in N\}$  agus coibhneas isea  $P$  atá sainithe ar  $M$  sa chaoi go bhfuil

$$P = \{(x, y) \mid y \text{ inroinnt ag } x\}.$$

Scríobh amach baill  $P$ .

- (c) Is coibhneas comhionannais é  $E$  atá sainithe ar an dtacar  $\{a, b, c\}$ .

Trí bhall de  $E$  isea  $(a, a), (a, b), (b, c)$ . Liostáil na baill eile de  $E$ .

6. Saintear na feidhmeanna  $f$  agus  $g$  mar a leanas:

(a)  $f : x \rightarrow x + 3;$

$g : x \rightarrow 2x^2 + 1.$

Aimsigh  $f(-1)$ ,  $g(2)$ ,  $f(g(2))$ ,  $g(f(-1))$ .

Réitigh  $g(f(x)) = 9$ .

(b) Faigh réiteach tacar

$$\{x \mid 2x^2 + 7x + 8 = 0, x \in C\},$$

áit gurab é  $C$  tacar na nuimhreacha compléasacha.

(c) Faigh uasluach na feidhme

$$x \rightarrow 3 - (x^2 + 5x)$$

agus faigh an luach ar  $x$  a thugann an t-uasluach sin.

7. (a) Faigh na cuideoga de  $4x^3 + 8x^2 - x - 2$ .

(b) Tarraing graf na feidhme

$$f : R \rightarrow R : x \rightarrow 2 + 4x - x^3 = f(x)$$

sa bhfearrann  $-3 \leq x \leq 3$ .

Faigh ón ngraf, chomh cruinn agus is feidir leat,

(i) fréamhacha  $f(x) = 0$

(ii) an chuid sin den bhfearrann gur dá réir atá  $f(x)$  deimhneach agus ag méadú.

8. (a) Scríobh síos luach  ${}^8C_3$  agus taispeáin  ${}^8C_3 = {}^8C_5$ .

(b) An bhfuil  $8! = 3! \times 5!$ ? Cuir fáth le do fhreagra.

(c) Bain feidhm as Teoragán an déthéarmaigh chun an chéad cheithre théarma den bhforbairt  $(1 + 3x)^8$  a scríobh síos. Uaidh sin, nó ar shlá eile, ríomhaigh luach  $(1.006)^8$  go dtí trí fhigiúir bhunusacha.

9. (a) Difréail ó bhunphrionsabail  $3x^2$  i leith  $x$ . Cad is fána an tadhlaí don chuar  $y = 3x^2 - 2x + 1$  ag an phointe ag a bhfuil  $x = -2$ ?

(b) Difréalaigh i leith  $x$ :

(i)  $(x^3 - 3)(x^2 - x - 4)$ .

(ii)  $\frac{4x + 1}{x^2 + x + 2}$ .

10. (a) Luachálaigh

$$(i) \int_3^5 3dx \quad (ii) \int_1^2 (1+t)dt \quad (iii) \int_2^3 (1+x)(1-x)dx.$$

(b) Caitear cloch síos ó bharr faille ard.

An fad, i méadar, atá gafa ag an gchloich thar éis  $t$  soicind di bheith ag titim, cuireann

$$s = \int_0^t (3 + 10x) dx \text{ in iul é.}$$

Faigh cén fad atá titithe ag an geloich thar éis 2 shoicind agus taispeáin go bhfuil 28 méadar curtha de ag an chloch sa triú soicind.